

Tidy Towns Competition 2008

Adjudication Report

Centre: **Ceann Tragha** Ref: **330**
County: **Kerry** Mark: **228**
Category: **A** Date(s): **15/06/2008**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2008
Overall Development Approach	50	29
The Built Environment	50	33
Landscaping	50	28
Wildlife and Natural Amenities	50	27
Litter Control	50	30
Waste Minimisation	20	8
Tidiness	30	18
Residential Areas	40	23
Roads, Streets and Back Areas	50	25
General Impression	10	7
TOTAL MARK	400	228

Overall Development Approach:

Chomhghairdeachas ó chroí le Ceann Trá as cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara don bhliain 2008. Ár mbuiochas as an eolas ar fad ins an bhfoirm iarratais. Feicimid gur ghlac sibh le comhairle na bliana seo caite is gur chuir sibh léarscáil isteach leis an bhfoirm ach, i ndáiríre, níor mhór an chabhair í. B'fhearr léarscáil shimplí láimhe le nótaí gearra faoi na gnéithe den cheantar is mó suime don mholtóir. Sráidbhaile álainn is ea Ceann Trá le gnéithe aiceanta taibhsiúla timpeall ar an áit mar sin tá cúram an-mhór ar bhur gcoiste Ceann Trá a chaomhnú. Chuige sin tá gá le pleanáil, idir ghearr agus fhad téarmach agus ba chóir na pleananna sin a chur isteach leis an bhfoirm. Cuir Plean 3-5 Bliana le chéile don bhliain seo chugainn. Mhéadódh sé na marcanna a thuillfeadh sibh freisin! Feicimid go bhfaigheann sibh comhoibriú ó na heagraíochtaí éagsúla. Tá san tábhachtach. Arís chabhródh sé dá gcuirfí ar pháir cuntas ar an gcomhoibriú sin. Is tábhachtach an rud é go bhfuil sibh ag obair leis na daltaí scoile. Go n-éirí go geal le bhur n-iarrachtaí.

The Built Environment:

Sráidbhaile neamhghnách é Ceann Trá sa mhéid nach bhfuil an séipéal i gceartlár an phobail agus n'fheadar an libhse nó le hArd an Bhóthair an séipéal. Pé scéal é d'fhéach an séipéal go breá. Ó thaobh na foirgneoireachta de tá idir thithe traidisiúnta atá athchóireaithe go tithe nua-aimseartha, tithe móra millteacha nua aoiseacha, tithe saoire, cúpla gnó, an halla agus an ceantar máguaird agus an scoil. Rud a théann i bhfeidhm ar dhuine láithreach ná an úsáid éifeachtach a bhaintear as cloch logánta san tógáil foirgneamh mar shampla in Oifig an Phoist nó i mbinn an tsean tí ag Thadys. Thaitin lár an bhaile go mór leis an moltóir. Tá

cuma na haire ar an halla agus ar an bhfoirgneamh gan ainm taobh thiar de agus freisin ar an scoil. Caithfear súil ghrinn a choimeád ar na cótaí péint atá de shíor faoi ionsaí ag an ngaoth ón bhfarráige. Cruthaíonn an binn tí leis an mbradán feasa ag Penny's Pottery atmasféar traidisiúnta, rud a dhéanann na comharthaí ar Thady's freisin. Tá oidhreacht na Gaeilge á caomhnú ar na comharthaí atá timpeall na háite.

Landscaping:

Tá de bhuntáiste ag Ceann Trá go bhfuil lámh Dé le feiceáil is cuma cá leagtar súil. Chabhraigh na glúnta tríd na blianta leis na fáil a chuir siad, mar shampla na Deoiríní Dé atá chomh hálainn sin. Anois tá cúram ar an nglún seo rian a láimhe a chur ar an gceantar. Ni féidir feabhsú ar an bhfarráige ná ar na cnoic. Caithfear smacht a choinneáil ar na fáil, rud a tá á dheanamh. Caithfear smacht a choimeád ar neantóga agus driseaoga in áiteanna nach bhfeileann siad. An crosaire ón tráth, an-obair déanta anseo ach cuma na faillí anois air. Focal speisialta faoin dearadh tire i lár an bhaile: féachann na hoileáin féir sin go hálainn ach seans go bhféadfai láthair phicnic nó suíocháin suaimhnis a chur isteach. Tríd síos bhí cuma an tsamhraidh ar Cheann Trá agus tuigeadh do dhuine go bhfuil fothain ón ngeimhreadh san radharc tire sin freisin.

Wildlife and Natural Amenities:

'I gcónaí ag lorg siúlóid nua' a dúirt an fhoirm iarratais, agus iarracht de mhi-fhoighneas le brath. Ba mhór an áis a leithéid chun tairbhe a bhaint as áilleacht na háite. Téigh i ngleic leis na heagrais phoiblí. Tá an cosán ón mbaile go dtí an trá an-úsáideach, gan dabht, ach gan a bheith fógraithe ro-mhaith. Coimeád an fál ar an gcosán seo ar thaobh an trá gearrtha siar. Tá sé soiléir go bhfuil an t-uafás taighde déanta ar fhiadhúlra na háite agus tá na fógraí eolais an-éifeachtach agus coimeáda go slachtmhar. An tsiúlóid sin atá beartaithe. Sin an plean ceart don saol romhainn.

Litter Control:

Feicimid go bhfuil sibh ag obair leis an scoil chun Ceann Trá a choimeád saor ó bhruscar. Cathain a chabhraíonn na daltaí libh? An dtagann na daltaí amach go rialta libh? An bhfaigheann sibh cabhair ar bith ón gComhairle Chonadae ná ó Fhás? An mbionn glantacháin speisialta agaibh ar laethanta speisialta? B'fhiú an t-eolas sin a chur ar fáil dúinn. Is léir nach bhfuil dumpáil ar siúil. Déarfainn go mbeadh gá le tuilleadh boscaí brúscair i rith an tsamhraidh, ins an mbaile ach go mórmhór thíos ar an trá. Tríd is tríd tá an lámh in uachtar á fháil agaibh ar an mbruscar.

Waste Minimisation:

Is mór an ní é banc buidéal amháin a bheith in áit ach is eisceacht ar fad é go mbeadh dhá cheann ann agus banc éadach. An-mhaith. Sin tús tairbheach. Mar obair gheimhridh ba cheart staidéar a dhéanamh ar an leabhrán 'Race Against Waste'. Spreagfadh sin tionscnaimh eile a laghdódh dramhaioil an bhaile. Seans go bhféadfaí an scoil a chur ar an eolas faoi Green Flag Status a bhaint amach.

Tidiness:

Faoin gceann teidil seo chuirfinn an cheist: An bhféachann Ceann Trá chomh taithneamhach agus gur choir don bhaile féachaint? Mura bhféachann cad tá ag milleadh an phictiúir? Féachann Ceann Trá go hálainn, gan dabht ach chun an pictiúr a fheabhsú féach chuige nach bhfuil fichillí ag féachaint amach ar thaobh na gcosán nó ar na bláthcheapacha. Coimeád na cótaí péint ar fhallai. Téigh chun cainte leis an ESB, nó pé dream, faoi shreangacha ag trasnú an bhóthair. Féachann clocha ainmneacha áite timpeall an bhaile go hiontach, Bóthar an Phóna agus 'An Bóthar Bui' mar shampla. Ach bhi orm tochailt chun teacht ar 'An Bóthar Bui' toisc féar a bheith á cheilt. Bheadh sé i bhfad nib'fhearr dá seasfadh an chloch sin amach. Chun an tslachmhaireacht a chur chun cinn tá gá le comhoibriú ós na heagrais phoiblí. Loiteann graffiti áit. Mo ghreidhn sibh, ni raibh tasc de.

Residential Areas:

I gcás Ceann Trá táimid ag caint ar an eastáid de thithe bána agus an eastáid de thithe buí. Sa chás deireannach tá gá le bláthanna agus le toir chun ardú meanman a thabhairt don eastáid sin. I gcás na heastáide níos faide suas an bóthar cabhraíonn na plandaí go mór anseo ach sa chás seo tá gá le cótai péint go minic chun an pictiúr a fheabhsú. I gcás tithe aonair brathann duine cúram agus mórtas i gcás gach tí díobh.

Roads, Streets and Back Areas:

Tá de bhuntáiste ag Ceann Trá go bhfuil fáil nádúra, thaithneamhacha ag treorú an taistealaithe isteach go lár an bhaile. Tá fothain agus taithneamh sna fáil sin. Ach tuigeadh don mholtóir go bhféadfaí Ceann Trá a fhógairt go bródúil le comharthaí baile speisialta dúchasacha a chuirfeadh in úil do mhuintir na háite agus don chuid eile araon go bhfuil siad ag druidim le háit speisialta. Arís gá le tionchar leis an gComhairle Chonradh agus gá freisin le sparán urraíochta. Tá dromchla na mbóithre go maith freisin.

General Impression:

Thaithn an turas go Ceann Trá go mór leis an moltóir. San lá atá inniu ann tá fadhbanna móra le sárú ag sráidbhaile ar bith. I gcás sráidbhaile cois trá tá fadhb ar leith, fadhb an di-láithreachais...seo dúshlán don choiste seo. I gcás sráidbhaile Gaeltachta tá fadhbanna breise le sárú. Is léir go bhfuil oidhreacht na Gaeilge á caomhnú sna comharthaí i bhur gcás. Ach leanfaidh na hionsaithe. Ní hamháin gur cuid d'oidhreacht an bhaile an Ghaeilge is cuid de charachtar na háite an Ghaeilge freisin. Go n-éirí libh.